An Buiséad agus Oideachas

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi na ciorruithe oideachais a fógraíodh sa bhuiséad. Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat:

Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Seo stór focal a bhí le cloisteáil sa tuairisc. Ag obair leis an duine in aice leat aimsígí míniú na bhfocal:

Ceist 3 Féach ar an tuairisc don dara huair. An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach?

Tá ciorrú oideachais an bhuiséid molta go hard ag an bhfreasúra.	**fíor/bréagach**
Caillfidh múinteoir amháin a phost buan i Scoil Naomh Pádraig.	**fíor/bréagach**
Tá Caolann Ó Conaola tar éis teach a thógáil.	**fíor/bréagach**
Caillfidh múinteoirí anois suas le dhá chéad post de bharr an chiorraithe.	**fíor/bréagach**
Beidh fiche is a hocht páiste i rang anois in áit fiche is a seacht.	**fíor/bréagach**
Dúirt John Carr gurb é seo an rud is fearr a tharla do pháistí scoile go dtí seo.	**fíor/bréagach**

Ceist 4 ‘*a fógraíodh*’

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail thuas?

(b) Cuir an fhoirm cheart den bhriathar atá idir lúibíní sna bearnaí thíos:

1. (Cuir) _____ na buidéil ghlasa sa bhruscar athchúrsála oíche aréir.

2. (Déan) _____ a lán cainte faoin fhadhb sin ag an chruinniú an tseachtain seo caite.

3. Sin an t-ordú a (tabhair) _____ domsa in aon chóir.

4. (Bailigh) _____ an t-airgead ar fad ón lucht féachana cheanna féin.

5. (Múch) _____ an solas nuair a bhí na páistí ina gcodladh.

(c) Cad iad na rialacha a bhaineann leis an ghné seo den ghramadach?

Ceist 5 ‘*ag dul siar*’

(a) Cuir na focail a bhfuil baint acu le chéile sa bhosca ceart:

ag dul siar	*ag teacht anoir*
ag teacht aneas	*ag dul ó thuaidh*
thiar	*ag dul ó dheas*
ag teacht aduaidh	*ag dul soir*
thoir	*ag teacht aniar*

An tIarthar	An Tuaisceart	An tOirthear	An Deisceart

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad a cheapann tú faoin chóras oideachais in Éirinn?
Ar léirigh tú mórán suime sa bhuiséad i mbliana?
Cad iad na fadhbanna a bhaineann leis an iomarca daltaí scoile a bheith in aon rang amháin, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le plé sula gcuirtear an mhír ar siúl.

Ceist 2

criticised	**cáinte**
sharply	**go géar**
increase	**méadú**
because of	**de bharr**
in the east	**oirthear**
the changes	**na hathruithe**
permanent	**buan**
despite	**in ainneoin**
commitment/promise	**gealltanas**
going backwards	**ag dul siar**
campaign	**feachtas**

Ceist 3
1 – bréagach
2 – fíor
3 – fíor
4 – bréagach
5 – fíor
6 – bréagach

Ceist 4
(a) An briathar saor san aimsir chaite.
(b) cuireadh, rinneadh, tugadh, bailíodh, múchadh.
(c) Na rialacha:
An chéad réimniú – cuir/tóg
Cuir**eadh**/tóg**adh**
Ar cuireadh? Cuireadh/Níor cuireadh
Ar tógadh? Tógadh/Níor tógadh

An dara réimniú – bailigh/ceannaigh
Bail**íodh/**ceann**aíodh**
Ar bailíodh? Bailíodh/Níor bailíodh
Ar Ceannaíodh? Ceannaíodh/Níor ceannaíodh

Ceist 5

An tIarthar	An Tuaisceart	An tOirthear	An Deisceart
Ag dul siar Thiar Ag teach aniar	Ag dul ó thuaidh Ag teacht aduaidh	Ag dul soir Thoir Ag teacht anoir	Ag dul ó dheas Ag teacht aneas

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Ag fanacht le cúrsaí buiséid tá na ciorruithe oideachais a fógraíodh cáinte go géar ag an bhfreasúra agus ag Ceardchumann na Múinteoirí. Is ag méadú a bheas na ranganna de bharr na n-athruithe agus tá fearg ar mhúinteoirí go gcaillfear cuid mhór post*. Labhair Caoimhe Ní Laighin le múinteoirí Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine in Áth Eascrach in oirthear na Gaillimhe faoin mbealach is rachaidh na ciorruithe i bhfeidhm orthusan.

Caoimhe Ní Laighin
Beidh Scoil Naomh Pádraig sa bhFothaine i gContae na Gaillimhe buailte go trom ag cuid de na hathruithe a fógraíodh sa bhuiséad Dé Máirt seo caite. Triúr múinteoirí atá inti faoi láthair ach de réir na n-athruithe seo caillfidh múinteoir amháin a phost buan an bhliain seo chugainn. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ocht rang faoi chúram na beirte a bheas fágtha.

Caolann Ó Conaola
Tá mise ag cailliúint poist anseo ag deireadh na bliana. *So*, ar an mbealach sin, *you know*, athraíonn sé rudaí domsa, *you know*, go mór mhór, tar éis teach nua a thógáil agus chuile shórt mar sin. Ach, is é an rud is measa faoi seo i ndáiríre ná go bhfuil, ná páistí, is iad na gasúir atá ag cailleadh amach anseo.

Caoimhe Ní Laighin
Ar leibhéal náisiúnta buaileadh tubaiste do pháistí agus do mhúinteoirí ar aon is iad na ciorruithe seo, dar le Cumann Múinteoirí Éireann. In ainneoin ghealltanas an rialtais nach mbeadh ach dhá chéad múinteoir thíos leis na hathruithe, tá na ceardchumainn anois ag maíomh go gcaillfí suas le míle dhá chéad múinteoir a gcuid post. Anuas air sin beidh fiche is a hocht in ionad fiche is a seacht i ngach rang. Na ranganna bunscoile is mó san Eoraip.

Áine de Búrca, Príomhoide
Fiú nuair a bhí Máire Ní Hannifin, Hannifin mar Aire Oideachais bhíomar ag dul ar aghaidh beagán ach anois tá muid ag dul siar.

Caoimhe Ní Laighin
Dúirt John Carr, Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann gurb é seo an t-ionsaí is measa a rinneadh ar pháistí bunscoile in Éirinn riamh. Tá Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ag glaoch ar gach uile duine a bhfuil baint aige leis na ciorruithe seo feachtas aontaithe a thosú ina n-aghaidh. Caoimhe Ní Laighin. An Fhothaine, Contae na Gaillimhe.

* *postanna – a deirtear*